

IONSTRAIM REACHTÚIL

I.S. Uimh. 656 de 2006

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) (Uimh. 2) 2006

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair, Baile Átha Cliath

Le ceannach go díreach ón Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

nó trí ordú poist ó

Foilseacháin Rialtais, An Rannóg Post-Tráchta, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2,
(Teil: 01 647 6834/35/36/37; Faics 01 647 6843)

nó trí aon díoltóir leabhar.

Luach: €3.05

PRN. A6/2187

I.R. Uimh. 656 de 2006
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) (Uimh. 2) 2006

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 3 d' Acht na gComhphobal Eorpach 1972 (Uimh. 27 de 1972) agus d'fhonn éifeacht a thabhairt do Threoir 2004/38/CE¹ an 29 Aibreán 2004 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta saoránach den Aontas agus daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát déanaimse, Mícheál Mac Dubhghaill, Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, na rialacháin seo a leanas:

Lua agus Tosach Feidhme

1. Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) (Uimh. 2) 2006 is teideal do na Rialacháin seo.
2. Tagann na Rialacháin seo i ngníomh an 1 Eanáir 2007.

Léirmhíniú

2. (1) Sna Rialacháin seo -

ciallaíonn “Treoir ón gComhairle” Treoir 2004/38/CE Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta saoránach den Aontas agus daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát;

ciallaíonn “Comhaontú an CEE” an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch arna shíniú ag Oporto an 2 Bealtaine 1992, faoi mar a mionathraíodh leis an bPrótacal arna shíniú sa Bhruiséil an 17 Marta 1993 agus faoi mar a leasaíodh ó am go ham;

ciallaíonn “ordú eisiatachta” ordú faoi Rialachán 23(1);

folaíonn “duine muinteartha” duine muinteartha cáilithíoch agus duine muinteartha ceadaithe;

tá le “víosa Éireannach” an bhrí a thugtar dó leis an Acht Inimirce 2003 (Uimh. 26 de 2003);

fciallaíonn “Ballstát” Ballstát den Aontas Eorpach seachas an Stát;

ciallaíonn “Ballstát den CEE” stát ar stát conarthach le Comhaontú CEE é;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí;

tá le “neamhnáisiúnach” an bhrí a thugtar dó leis an Acht Inimirce 1999 (Uimh. 22 de 1999);

ciallaíonn “cárta buanchónaithe” cárta buanchónaithe arna eisiúint faoi Rialachán 16(3);

ciallaíonn “deimhniú buanchónaithe” deimhniú buanchónaithe arna eisiúint faoi Rialachán 15(3);

ciallaíonn “duine muinteartha ceadaithe”, i ndáil le saoránach den Aontas, aon duine muinteartha, gan bacadh lena náisiúntacht, nach duine muinteartha cáilithíoch saoránaigh den Aontas é nó í, agus, ina thír nó a tír thionscnaimh, i dtír a ghnáthchónaithe nó a gnáthchónaithe nó a iarchónaithe nó a hiarchónaithe, ar -

- (a) cleithiúnaí an tsaoránaigh den Aontas é nó í,
- (b) ball theaghlach an tsaoránaigh den Aontas é nó í,
- (c) duine é nó í a dteastaíonn cúram pearsanta an tsaoránaigh den Aontas uaidh nó uaithe ar bhonn foras tromchúiseach sláinte, nó
- (d) céile é nó í a bhfuil caidreamh marthanach ag an saoránach den Aontas leis nó léi, agus sin dearbhaithe go cúí;

ciallaíonn “duine muinteartha cáilithíoch”, i ndáil le saoránach den Aontas -

- (a) céile an tsaoránaigh den Aontas,

¹ Iris Oifigiúil L 229 de 29.6.2004, lch.35

- (b) duine de shliocht an tsaoránaigh den Aontas go díreach atá
 - (i) faoi bhun aois 21, nó
 - (ii) ar cleithiúnaí an tsaoránaigh den Aontas é nó í,
- (c) duine de shliocht chéile an tsaoránaigh den Aontas go díreach atá -
 - (i) faoi bhun aois 21, nó
 - (ii) ar cleithiúnaí chéile an tsaoránaigh den Aontas é nó í,
- (d) duine atá muinteartha go díreach leis an saoránach den Aontas sa líne shinsearach agus atá spleách air nó uirthi, nó
- (e) duine atá muinteartha go díreach le céile an tsaoránaigh den Aontas sa líne shinsearach agus atá spleách air nó uirthi;

ciallaíonn “dúiche chlárucháin” Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath nó Dúiche de chuid an Gharda Síochána atá lonnaithe lasmuigh den limistéar sin;

ciallaíonn “oifigeach clárucháin” an t-oifigeach atá i gceannas Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce i nDúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath nó Ceannfort an Gharda Síochána i nDúiche de chuid an Gharda Síochána lasmuigh den limistéar sin;

ciallaíonn “ordú aistrithe” ordú faoi Rialachán 20(1)(a);

ciallaíonn “cárta cónaithe” cárta cónaithe arna eisiúint faoi Rialachán 7(2);

ní áirítear páirtí le cleamhnas caoithiúlachta le “céile”;

ciallaíonn “saoránach den Aontas” aon duine a bhfuil náisiúntacht Bhallstáit aige nó aici.

(2) Sna Rialacháin seo, beidh an bhrí chéanna, ag focal nó nath cainte a úsáidtear sna Rialacháin seo agus a úsáidtear sa Treoir ón gComhairle freisin, agus atá aige sa Treoir ón gComhairle mura léir a mhalairt d'intinn.

(3) Chun críocha na Rialachán seo, measfar nach bhfuil leoracmhainní ag duine chun tacú leis féin nó léi féin agus lena chleithiúnaithe nó lena cleithiúnaithe sa chás go mbeadh sé nó sí cáilithe le haghaidh cúnaimh faoi Chuid 3 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 (Uimh. 26 de 2005) dá mbeadh éileamh déanta ag nó thar ceann an duine.

Feidhm agus forálacha idirlinne

3. (1) Bainfidh na Rialacháin seo le -

- (a) saoránaigh den Aontas,
- (b) faoi réir mhír (2), daoine muinteartha cáilithíocha saoránach den Aontas nach saoránaigh den Aontas iad féin, agus
- (c) faoi réir mhír (2), daoine muinteartha ceadaithe saoránach den Aontas.

(2) Ní bhainfidh na Rialacháin seo le duine muinteartha ach amháin sa chás go bhfuil an duine muinteartha ina chónaí nó ina cónaí go dleathach i mBallstát eile agus go bhfuil sé nó sí -

- (a) ag féachaint le teacht isteach sa Stát i gcuideachta saoránaigh den Aontas ar duine muinteartha ina leith é nó í, nó
- (b) ag féachaint le dul i leith saoránaigh den Aontas, ar duine muinteartha ina leith é nó í, atá i láthair go dleathach sa Stát.

(3) Bainfidh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh) 1977 (I.R. Uimh. 393 de 1977) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach ó thaobh an Gheilleagair de), 1997 (I.R. Uimh. 57 de 1997) le saoránaigh de Bhallstáit an CEE seachas saoránaigh den Aontas.

- (4) (a) Measfar duine atá ina chónaí go dleathach sa Stát de réir fhorálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh) 1977, Rialachán na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach ó thaobh an Gheilleagair de) 1997 nó Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) 2006, a bheith ina chónaí go dleathach sa Stát chun críocha na Rialachán seo.
- (b) Ní dhéanfaidh aon ní sna Rialacháin seo difear do bhailíocht cheada cónaithe nó doiciméid chónaithe arna eisiúint faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Eachtrannaigh) 1977, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Cónaithe do Dhaoine nach bhfuil Gníomhach ó thaobh an Gheilleagair de) 1997, nó do chárta cónaithe, dheimhniú buanchónaithe nó chárta arna eisiúint faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorghluaiseacht Daoine) 2006.

Cead do shaoránaigh den Aontas agus do dhaoine muinteartha cáilithíoch a leacht isteach sa Stát

4. (1) Ní fhéadfar cead le teacht isteach sa Stát a dhiúltú do shaoránach den Aontas a bhfuil cárta náisiúnta aitheantais nó pas bailí ina sheilbh aige nó ina seilbh aici mar fhianaise ar a náisiúntacht agus a chéannacht nó a céannacht ach amháin sa chás -

- (a) go bhfuil galar arna sonrú i Sceideal 1 ag cur air nó uirthi, nó
- (b) go raibh a iompar nó a hiompar pearsanta den sórt a d'fhágfadh go mbeadh sé in aghaidh beartais phoiblí nó go gcuirfí an tslándáil phoiblí i mbaol dá ndeonófaí cead dó nó di le teacht isteach sa Stát.

(2) Ní fhéadfar cead le teacht isteach sa Stát a dhiúltú do dhuine muinteartha cáilithíoch saoránaigh den Aontas nach náisiúnach de Bhallstát é nó í agus a bhfuil pas bailí ina sheilbh nó ina seilbh aige nó aici mar fhianaise ar a náisiúntacht agus a chéannacht nó a céannacht ach amháin sa chás -

- (a) go bhfuil galar arna sonrú i Sceideal 1 ag cur air nó uirthi, nó
- (b) go raibh a iompar nó a hiompar pearsanta den sórt a d'fhágfadh go mbeadh sé in aghaidh beartais phoiblí nó go gcuirfí an tslándáil phoiblí i mbaol dá ndeonófaí cead dó nó di le teacht isteach sa Stát.

(3) (a) Beidh víosa Éireannach bailí ina sheilbh ag duine muinteartha cáilithíoch, ar ball é nó í d'aicme neamhnáisiúnach nár sonraíodh in ordú arna dhéanamh faoi alt 17 den Acht Inimirce 2004 (Uimh. 1 de 2004) mar aicme nach gceanglaítear orthu víosa Éireannach a bheith acu, mar choinníoll a bhainfidh le cead á dheonú le teacht isteach sa Stát.

(b) Breithneoidh an tAire, ar bhonn próisis luathaithe, iarratas ar víosa Éireannach ó dhuine muinteartha cáilithíoch ar tagraíodh dó i bhfo-mhír (a) a luaithe agus is féidir agus má chinneann an tAire víosa Éireannach a eisiúint eiseofar an víosa sin saor in aisce.

(4) Ní chuirfidh oifigeach inimirce stampla, ag an bpointe iontrála, i bpas dhuine mhuinteartha cháilithíche a chuireann cárta cónaithe bailí i láthair an oifigh.

(5) (a) Sa chás nach bhfuil cárta náisiúnta aitheantais nó pas bailí, nó más gá, an víosa Éireannach riachtanach, ag saoránach den Aontas, nó duine muinteartha nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, féadfaidh an t-oifigeach inimirce, faoi réir fhomhír (b), cead a dhiúltú don duine sin le teacht isteach sa Stát.

(b) Sula ndiúltóidh sé nó sí cead le teacht isteach sa Stát faoi fhomhír (a), tabharfaidh an t-oifigeach inimirce gach deis le réasún don duine atá i gceist -

- (i) leis na doiciméid riachtanacha a fháil,
- (ii) leis na doiciméid riachtanacha a chur i láthair an oifigh inimirce faoi cheann tréimhse réasúnaí ama, nó
- (iii) le comhthacú nó a chruthú ar bhealaí eile go bhfuil sé nó sí i dteideal teacht isteach sa Stát de réir na Rialachán seo.

Cead do dhaoine muinteartha ceadaithe saoránach den Aontas le teacht isteach sa Stát

5. (1) Féadfar ceangal ar dhuine ar mian leis nó léi teacht isteach sa Stát ar an mbonn gur duine muinteartha ceadaithe saoránaigh den Aontas é nó í, ceann díobh seo a leanas a thabhairt ar aird don Aire -

- (a) (i) sa chás gur saoránach den Aontas é nó í an duine, pas nó cárta náisiúnta aitheantais bailí, nó
- (ii) sa chás nach náisiúnach de Bhallstát é nó í an duine, pas bailí,
- (b) fianaise dhoiciméadach ón údarás ábhartha sa tír thionscnaimh nó tír as a bhfuil sé nó sí ag teacht, á dheimhniú gur cleithiúnaí, nó duine de theaghlach, an tsaoránaigh den Aontas é nó í,
- (c) fianaise dhoiciméadach go bhfuil forais thromchúiseacha sláinte ann a fhágann go bhfuil dianriachtanas ag an iarratasóir le cúram pearsanta an tsaoránaigh den Aontas, nó
- (d) fianaise dhoiciméadach go bhfuil caidreamh marthanach ann leis an saoránach den Aontas.

(2) Agus an fhianaise ar tagraíodh dó i mír (1) faighte aige, cuirfidh an tAire faoi deara go ndéanfar scrúdú forleathan ar chúinsí pearsanta an duine atá i gceist ionas go ndéanfar amach an duine muinteartha ceadaithe é nó í.

(3) Beidh víosa Éireannach bailí i seilbh ag duine muinteartha cáilithíoch, ar ball é nó í d'aicme neamhnáisiúnach nár sonraíodh in ordú arna dhéanamh faoi alt 17 den Acht Inimirce 2004 mar aicme nach gceanglaítear orthu víosa Éireannach a bheith acu, mar choinníoll a bhainfidh le cead á dheonú le teacht isteach sa Stát.

(4) Gan dochar d'aon chearta nó theidlíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag duine muinteartha ceadaithe, ar bhonn indibhidiúil, faoi na Rialacháin seo, ní fhéadfar cead a dhiúltú do dhuine muinteartha ceadaithe le teacht isteach sa Stát ach amháin sa chás -

- (a) tar éis an scrúdaithe ar tagraíodh dó i mír (2), nach deimhin leis an Aire gur duine muinteartha ceadaithe an duine atá i gceist,
- (b) go bhfuil galar arna sonrú i Sceideal 1 ag cur air nó uirthi, nó
- (c) go raibh a iompar nó a hiompar pearsanta den sórt a d'fhágfadh go mbeadh sé in aghaidh beartais phoiblí nó go gcuirfí an tslándáil phoiblí i mbaol dá ndeonófaí cead dó nó di le teacht isteach sa Stát.

(5) Sa chás go ndiúltaíonn an tAire cead a thabhairt le teacht isteach sa Stát de bhun mhír (4), cuirfidh sé nó sí na cúiseanna lena dhiúltú amhlaidh in iúl don duine atá i gceist.

Cónaí sa Stát

6. (1) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, cónaí sa Stát ar feadh 3 mhí ar choinníoll -

- (a) (i) sa chás gur saoránach den Aontas é nó í an duine, go bhfuil cárta náisiúnta aitheantais nó pas bailí aige nó aici,
- (ii) sa chás nach saoránach den Aontas é nó í an duine, go bhfuil pas bailí aige nó aici, agus
- (b) nach dtagann sé nó sí chun a bheith ina ualach nó ina hualach míréasúnach ar chóras leasa shóisialaigh an Stáit.

(2) (a) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh saoránach den Aontas cónaí sa Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 3 mhí má bhíonn sé nó sí -

- (i) i mbonn fostaíochta nó féinfhostaithe sa Stát,
- (ii) i seilbh leoracmhainní chun tacú leis nó léi féin, lena chéile nó lena céile agus le haon chleithiúnaithe atá ina t(h)eannta, agus go bhfuil árachas cuimsitheach breoiteachta aige nó aici ina leith féin, a chéile nó a céile agus aon chleithiúnaithe atá ina theannta nó ina teannta,

- (iii) cláraithe i bhforas oideachais sa Stát chun críoch cúrsa staidéir a leanúint ansin go príomha, lena n-áirítear cúrsa gairmoiliúna, agus go bhfuil árachas cuimsitheach breoiteachta aige nó aici ina leith féin, a chéile nó a céile agus aon chleithiúnaithe atá ina theannta nó ina teannta, nó
 - (iv) faoi réir mhír (3), más duine muinteartha é nó í atá i dteannta nó ag dul i leith saoránaigh den Aontas a shásaíonn ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i gclásal (i), (ii) nó (iii).
- (b) Faoi réir mhír (3), beidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, i dteideal cónaí sa Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 3 mhí sa chás gur deimhin leis an Aire go sásaíonn an saoránach den Aontas atá i gceist ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i bhfomhír (a)(i), (ii) nó (iii).
- (c) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh duine a mbaineann fómhír (a)(i) leis, fanacht sa Stát ar scor na gníomhaíochta ar tagraíodh dó san fhomhír sin má -
- (i) bhíonn sé nó sí neamhábailte go sealadach, obair a dhéanamh de thoradh breoiteachta nó timpiste,
 - (ii) bhíonn sé nó sí dífhostaithe dá ainneoin nó dá hainneoin agus sin taifeadta go cuí tar éis a bheith fostaithe ar feadh tréimhse níos faide ná bliain amháin agus má bhíonn sé nó sí cláraithe mar dhuine den lucht cuardaigh fostaíochta le hoifig ábhartha den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FÁS,
 - (iii) faoi réir fhomhír (d), má bhíonn sé nó sí dífhostaithe dá ainneoin nó dá hainneoin agus sin taifeadta go cuí tar éis conradh fostaíochta ar théarma seasta ar lú ná bliain é, a chur i gcrích, nó tar éis a bheith dífhostaithe dá ainneoin i rith na chéad bhliana agus má bhíonn sé nó sí cláraithe mar dhuine den lucht cuardaigh fostaíochta le hoifig ábhartha den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FÁS, nó
 - (iv) ach amháin sa chás go mbíonn sé nó sí dífhostaithe dá ainneoin nó dá hainneoin, má théann sé nó sí i mbun gairmoiliúint a bhaineann leis an bhfostaíocht roimhe sin.
- (d) I gcás a mbaineann fómhír (c)(iii) leis, rachaidh an ceart le fanacht ar tagraíodh dó i mír (c) in éag 6 mhí tar éis scor na gníomhaíochta atá i gceist ach amháin sa chás go dtéann an duine atá i gceist i mbun fostaíochta laistigh den tréimhse sin.
- (3) (a) Beidh mír (2)(a)(iv) agus (2)(b) i bhfeidhm chun ligean, do dhuine muinteartha cáilithíoch saoránaigh den Aontas a mbaineann mír (2)(a)(iii) leis nó léi, fanacht sa Stát agus dó nó di sin amháin.
- (b) Gan dochar d'fhomhír (a), féadfaidh an tAire, tar éis cúinsí pearsanta an duine atá i gceist a scrúdú go cuimsitheach, cead a thabhairt do dhuine muinteartha ceadaithe saoránaigh den Aontas le fanacht sa Stát.
- (c) Sa chás nach dtugann an tAire cead do dhuine le fanacht sa Stát de bhun fhomhír (b), cuirfidh sé nó sí na cúiseanna leis an gcinneadh in iúl don duine.

Daoine muinteartha saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh de Bhallstát iad a Chlárú

7. (1) (a) Déanfaidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas nach náisiúnach de Bhallstát é nó í agus atá ina chónaí sa Stát ar feadh tréimhse nach lú ná 3 mhí, iarratas leis an Aire ar chárta cónaithe.
- (b) Beidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 2 in iarratas arna dhéanamh faoi fhomhír (a) agus beidh fianaise dhoiciméadach den sórt agus a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun tacú leis an iarratas ina theannta.
- (c) Cuirfidh an tAire faoi deara láithreach go n-eiseofar fógra lena n-admhálfar go bhfuarthas iarratas arna dhéanamh faoi fhomhír (a).

(2) Sa chás gur deimhin leis an Aire gur cuí amhlaidh a dhéanamh, cuirfidh sé nó sí faoi deara, faoi cheann 6 mhí ón dáta a fuarthas iarratas arna dhéanamh faoi mhír (1)(a), go n-eiseofar cárta cónaithe ina mbeidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 3 i leith an duine mhuinteartha atá i gceist.

(3) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh duine arb ábhar iarratais arna dhéanamh faoi mhír (1)(a) é nó í, fanacht sa stát ar feitheamh cinnidh maidir leis an iarratas.

Bailíocht chárta cónaithe

8. (1) Faoi réir Rialachán 20, beidh tréimhse bhailíochta chárta cónaithe ar comhfhad leis an tréimhse chónaithe a shamhlófar a chaithfidh an saoránach den Aontas sa Stát gur duine dá theaghlach nó dá teaghlach é nó í faighteoir an chárta, nó comhfhad le tréimhse nach giorra ná 5 bliana ó dháta eisithe an chárta, cibé tréimhse díobh sin is giorra.

(2) Ní dhéanfaidh neamhláithreachtaí sealadacha ag sealbhóir an chárta, neamhláithreachtaí nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana, ná neamhláithreachtaí a mhaireann tréimhse níos faide le haghaidh seirbhíse míleata éigeantaí ná neamhláithreachtaí amháin a mhaireann 12 mhí chomhleanúnacha ar a mhéad ar chúiseanna tábhachtacha amhail toircheas agus breith chlainne, breoiteacht thromchúiseach, staidéar nó gairmoiliúint, nó postú i mBallstát eile nó i dtríú tír difear do bhailíocht chárta cónaithe.

An ceart cónaithe á choinneáil ag duine mhuinteartha saoránaigh den Aontas i gcás go bhfaigheann an saoránach den Aontas bás nó go n-imíonn sé nó sí as an Stát

9. (1) (a) Faoi réir fhomhír (b), féadfaidh duine mhuinteartha saoránaigh den Aontas, ar náisiúnach de Bhallstát é nó í, ceart cónaithe sa Stát a choinneáil ar bhonn indibhidiúil agus pearsanta i gcás go bhfaigheann an saoránach den Aontas bás nó go n-imíonn sé nó sí as an Stát.

(b) Sula bhfaightear teidlíocht ar bhuanchnónaí faoi Rialachán 12, ní foláir do dhuine mhuinteartha ar tagraíodh dó i bhfomhír (a) ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i Rialachán 6(2)(a)(i) go dtí (iv) a shásamh.

(2) (a) Faoi réir fhomhír (b), ar bhás saoránaigh den Aontas, féadfaidh duine mhuinteartha an tsaoránaigh den Aontas nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, leanúint ar aghaidh le bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát ar bhonn indibhidiúil agus pearsanta sa chás go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí sa Stát mar dhuine mhuinteartha an tsaoránaigh den Aontas ar feadh bliain amháin ar a laghad roimh an mbás.

(b) Ní bhainfidh fomhír (a) le duine mhuinteartha ach amháin sa chás gur deimhin leis an Aire go bhfuil an duine mhuinteartha -

(i) i mbun fostaíochta nó féinfhostaithe sa Stát,

(ii) i seilbh leoracmhainní chun tacú leis nó léi féin, agus le haon chleithiúnaithe atá ina t(h)eannta, agus go bhfuil árachas cuimsitheach breoiteachta aige nó aici ina leith féin agus aon chleithiúnaithe atá ina theannta nó ina teannta.

(3) Sa chás go bhfuil saoránach den Aontas tar éis bháis nó imeacht as an Stát agus go bhfuil a leanaí, atá ina gcónaí sa Stát, cláraithe i bhforas oideachais sa Stát chun críoch cúrsa staidéir a leanúint ansin go príomha, lena n-áirítear cúrsa gairmoiliúna, beidh an tuismitheoir a mbeidh na leanaí faoina choimeád nó faoina choimeád iarbhír, gan bacadh le náisiúntacht, agus na leanaí, i dteideal cónaí sa Stát ansin go dtí go gcríochnófar an cúrsa staidéir.

An ceart cónaithe á choinneáil ag daoine mhuinteartha i gcás colscartha, neamhnithe pósta

10. (1) (a) Faoi réir fhomhír (b), féadfaidh duine mhuinteartha saoránaigh den Aontas, ar náisiúnach de Bhallstát é nó í, ceart cónaithe sa Stát a choinneáil ar bhonn indibhidiúil agus pearsanta i gcás cholscaradh an tsaoránaigh den Aontas nó neamhniú a phósta nó a pósta.

- (b) Sula bhfaightear teidlíocht ar bhuanchnónaí faoi Rialachan 12, ní foláir do dhuine muinteartha ar tagraíodh dó i bhfomhír (a) ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i Rialachán 6(2)(a)(i) go dtí (iv) a shásamh.
- (2) (a) Faoi réir fhomhír (b), féadfaidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas, nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, ceart cónaithe sa Stát a choinneáil ar bhonn indibhidiúil agus pearsanta i gcás cholscaradh an tsaoránaigh den Aontas nó neamhniú a phósta nó a pósta.
- (b) Faoi réir fhomhír (c), ní choinneofar ceart cónaithe ar tagraíodh dó i bhfomhír (a) ach amháin sa chás gur deimhin leis an Aire -
- (i) gur mhair an pósadh 3 bliana ar a laghad, lena n-áirítear bliain amháin sa Stát, sular tionscnaíodh imeachtaí colscartha nó neamhniú,
 - (ii) go bhfuil coimeád leanaí an tsaoránaigh den Aontas ag an gcéile nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, trí chomhaontú idir na céilí, nó trí ordú cúirte,
 - (iii) go bhfuil údar le ceart cónaithe den sórt sin a choinneáil mar gheall ar chúinsí an-deacair, amhail an céile a bheith ina ina íospairteach nó ina híospairteach foréigin teaghlaigh a fhad is a bhí an pósadh ar marthain, nó
 - (iv) go bhfuil cearta na rochtana ar leanbh mionaoiseach ag an gcéile nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, trí chomhaontú idir na céilí, nó trí ordú cúirte, ar an gcoinníoll gur rialaigh an chúirt nach foláir rochtain den sórt sin a bheith sa Stát, agus ar feadh tréimhse chomh fada agus is gá.
- (c) Sula bhfaightear teidlíocht ar bhuanchnónaí faoi Rialachan 12, ní foláir do dhuine muinteartha ar tagraíodh dó i bhfomhír (a) a dheimhniú don Aire go bhfuil sé nó sí -
- (i) i mbun fostaíochta nó féinfhostaithe sa Stát,
 - (ii) i seilbh leoracmhainní chun tacú leis nó léi féin agus le haon chleithiúnaithe atá ina theannta nó ina teannta, agus go bhfuil áireachas cuimsitheach breoiteachta aige nó aici ina leith féin agus aon chleithiúnaithe atá ina theannta nó ina teannta, nó
 - (iii) ar dhuine de theaghlach, arna chomhdhéanamh sa Stát, duine a shásaíonn na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i gclásal (i) nó (ii).

Ceartha cónaithe

11. (1) Beidh duine a chónaíonn sa Stát faoi Rialachán 6(2), 9 nó 10 i dteideal leanúint ar aghaidh le bheith ina chónaí nó ina cónaí sa Stát a fhad is a shásaíonn sé nó sí an Rialachán sin.

(2) Is ar an duine ar tagraíodh dó i mír (1) a bheidh sé a dheimhniú don Aire go sásaíonn sé nó sí Rialachán 6(2), 9 nó 10.

(3) Gan dochar do Rialachán 6(2), 9 agus 10, scoirfidh aon teidlíochtaí faoi na Rialacháin seo de bheith ag duine muinteartha saoránaigh den Aontas má tharlaíonn ceachtar díobh seo a leanas don saoránach den Aontas ar a bhfuil sé nó sí spleách -

- (a) diúltaítear cead le teacht i dtír dó nó di, nó
- (b) ceanglaítear air nó uirthi imeacht as an Stát.

(4) Faoi cheann 7 lá d'aon athrú ina áit nó a háit chónaithe nó aon athrú eile ina chúinsí nó a cúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá cheart nó ceart le cónaí sa Stát faoi na Rialacháin seo, cuirfidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas nach náisiúnach de Bhallstát é nó í athrú den sórt sin in iúl d'oifigeach clárúcháin na dúiche clárúcháin ina bhfuil sé nó sí lonnaithe.

Teidlíocht ar bhuanchnónaí sa Stát

12. (1) Faoi réir mhír (3) agus Rialachán 13, féadfaidh duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, a bhí ina chónaí nó ina cónaí sa Stát i gcomhréir leis na Rialacháin seo ar feadh tréimhse leanúnaí 5 bliana, fanacht go buan sa stát.

(2) Chun críocha mhír (1), ní dhéanfaidh neamhláithreachtaí sealadacha nach faide ná 6 mhí in aghaidh na bliana, ná neamhláithreachtaí a mhaireann tréimhse níos faide le haghaidh seirbhíse míleata éigeantaí ná neamhláithreachtaí amháin a mhaireann 12 mhí chomhleanúnacha ar a mhéad ar chúiseanna tábhachtacha amháin toircheas agus breith chlainne, breoiteacht thromchúiseach, staidéar nó gairmoiliúint, nó postú i mBallstát eile nó i dtríú tír difear do leanúnachas cónaithe sa Stát.

(3) Rachaidh an teidlíocht chun fanacht go buan sa Stát de bhun mhír (1) in éag sa chás go raibh an duine atá i gceist lasmuigh den Stát ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain chomhleantacha.

Teidlíocht saoránaigh den Aontas, nach bhfuil ag obair sa Stát a thuilleadh, agus daoine muinteartha leis nó léi, chun buanchónaí sa Stát

13. (1) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh saoránach den Aontas a bhí i mbun fostaíochta sa Stát nó a lean gníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe sa Stát, cibé an raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí sa Stát ar feadh tréimhse leanúnaí 5 bliana nó nach raibh, iarratas a dhéanamh leis an Aire ar dheimhniú buanchónaithe faoi Rialachán 15 ar scor na gníomhaíochta má -

- (a) (i) tá aois an phinsin sroichte aige nó aici faoi mar a shainmhínítear sna hAchtanna Leasa Shóisialaigh nó má tá sé nó sí tar éis dul ar luathscor, agus
- (ii) ag tráth fhoirceannadh na gníomhaíochta, bhí sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí go leanúnach sa Stát ar feadh níos mó ná 3 bliana agus má bhí sé nó sí ag leanúint leis an ngníomhaíocht sa Stát ar feadh an 12 mhí roimhe sin ar a laghad,
- (b) agus é nó í ina chónaí nó ina cónaí go leanúnach sa Stát ar feadh níos mó ná 2 bhliain, éiríonn sé nó sí as a bheith ag leanúint leis an ngníomhaíocht sa Stát de thoradh éagumais bhuan chun oibre,
- (c) tháinig éagumas chun oibre air nó uirthi de thoradh timpiste ag an obair nó tinnis cheirde a fhágann go bhfuil sé nó sí i dteideal pinsin a bheidh iníoctha go hiomlán nó go páirteach ag an Stát.

(2) Beidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 4 in iarratas arna dhéanamh faoi mhír (1)(a) agus beidh fianaise dhoiciméadach den sórt agus a fhéadfaidh a bheith riachtanach chun tacú leis an iarratas ina theannta.

(3) Ní bheidh feidhm ag na coinníollacha maidir le fad an chónaithe agus gníomhaíochta arna sonrú i mír (1)(a) agus ag an gcoinníoll maidir le fad an chónaithe arna sonrú i mír (1)(b) más saoránach den Stát céile an duine nó má tá a shaoránacht nó a saoránacht Éireannach tréigthe aige nó aici de thoradh a phósta nó a pósta leis an duine.

(4) (a) Faoi réir Rialachán 20, féadfaidh saoránach den Aontas, tar éis dó nó di a bheith ina chónaí nó ina cónaí agus i mbun gníomhaíochta ar feadh 3 bliana go leanúnach sa Stát i mbun fostaíochta nó mar dhuine féinfhostaithe, a leanann lena ghníomhaíocht nó lena gníomhaíocht i gcríoch Bhallstáit eile le linn dó nó di a bheith ag coinneáil a chónaí nó a cónaí sa Stát agus ag filleadh ar an Stát uair sa tseachtain ar a laghad, fanacht go buan sa Stát.

(b) Measfar gach tréimhse ghníomhaíochta ar tagraíodh di i mír (1)(a)(ii) nó (b), má chuirtear i gcrích i gcríoch Bhallstáit eile í, chun críocha teidlíochta chun na gceart ar tagraíodh dóibh sa mhír sin, mar thréimhse a cuireadh i gcrích sa Stát le linn don saoránach den Aontas a bheith ag coinneáil a chónaí nó a cónaí sa Stát agus ag filleadh ar an Stát uair sa tseachtain ar a laghad.

(5) Measfar tréimhsí neamhghníomhaíochta mar gheall ar chúinsí lasmuigh de smacht an duine nó neamhghníomhaíochta mar gheall ar bhreoiteacht nó timpiste mar thréimhsí gníomhaíochta chun críocha an Rialacháin seo.

(6) Féadfaidh duine muinteartha, gan bacadh lena náisiúntacht, saoránaigh den Aontas -

- (a) a bhí i mbun fostaíochta sa Stát nó a lean le gníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe sa Stát, agus

(b) atá i dteideal fanacht go buan sa Stát de bhun mhír (1),

fanacht go buan sa Stát sa chás go raibh sé nó sí ina chónaí nó ina cónaí in éineacht leis an saoránach den Aontas atá i gceist sa Stát.

(7) Féadfaidh duine muinteartha a bhí ina chónaí nó ina cónaí in éineacht le saoránach den Aontas a fuair bás agus a bhí i mbun fostaíochta sa Stát nó a lean le gníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe sa Stát roimh a bhás nó a bás ach nach bhfuair teidlíocht chun buanchónaithe sa Stát, fanacht go buan sa Stát má -

(a) bhí an saoránach den Aontas a bhí i gceist, ar dháta a bháis nó a báis, ina chónaí nó ina cónaí sa Stát ar feadh 2 bhliain ar a laghad go leanúnach,

(b) tharla bás an tsaoránaigh den Aontas de thoradh timpiste ag an obair nó de thoradh tinnis cheirde, nó

(c) má bhí an duine muinteartha ina shaoránach Éireannach a thréig a shaoránacht nó a saoránacht Éireannach de thoradh a phósta nó a pósta leis an duine atá i gceist.

Daoine muinteartha áirithe nach náisiúnaigh de Bhallstát iad a bheith ag fáil an chirt buanchónaithe

14. Gan dochar do Rialachán 13, gheobhaidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas a mbaineann Rialachán 9(2) nó 10(2) leis nó léi agus a shásaíonn na coinníollacha ar tagraíodh dóibh i Rialachán 9(2) nó 10(2) an ceart buanchónaithe tar éis dó nó di a bheith ina chónaí nó ina cónaí go dleathach sa Stát ar feadh tréimhse 5 bliana chomhleantacha.

Deimhniú buanchónaithe á eisiúint do shaoránach den Aontas

15. (1) Féadfaidh saoránach den Aontas atá, de bhua na Rialachán seo, i dteideal fanacht go buan sa Stát, iarratas a dhéanamh leis an Aire ar dheimhniú buanchónaithe.

(2) Beidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 4 in iarratas arna dhéanamh faoi mhír (1) agus beidh fianaise dhoiciméadach den sórt agus a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun tacú leis an iarratas ina theannta.

(3) Sa chás gur deimhin leis an Aire go bhfuil an saoránach den Aontas ar tagraíodh dó nó di i mír (1) i dteideal fanacht go buan sa Stát, eiseoidh sé nó sí, a luaithe agus a bheidh indéanta, deimhniú buanchónaithe sa chruth arna leagan amach i Sceideal 5 don saoránach den Aontas.

Cárta buanchónaithe á eisiúint do dhuine muinteartha nach náisiúnach de Bhallstát é nó í

16. (1) Féadfaidh duine muinteartha saoránaigh den Aontas, nach náisiúnach de Bhallstát é nó í, agus atá, de bhua na Rialachán seo, i dteideal fanacht go buan sa Stát, iarratas a dhéanamh leis an Aire ar chárta buanchónaithe roimh dháta éaga an chárta cónaithe arna eisiúint dó nó di.

(2) Beidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 6 in iarratas arna dhéanamh faoi fhomhír (1) agus beidh fianaise dhoiciméadach den sórt agus a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun tacú leis an iarratas ina theannta.

(3) Sa chás gur deimhin leis an Aire go bhfuil an duine muinteartha ar tagraíodh dó nó di i mír (1) i dteideal fanacht go buan sa Stát, eiseoidh sé nó sí, a luaithe agus a bheidh indéanta, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta ar cuireadh an t-iarratas ar an gcárta buanchónaithe isteach, cárta buanchónaithe don duine atá i gceist ina mbeidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 7.

(4) Beidh cárta buanchónaithe bailí ar feadh tréimhse 10 mbliana agus beidh sé in-athnuaite ar iarratas leis Aire.

(5) Ní dhéanfaidh neamhláithreacht ón Stát ag sealbhóir an chárta ar feadh tréimhse leanúnaí ar lú ná 2 bhliain í, difear do bhailíocht an chárta buanchónaithe.

Leanúnachas cónaithe

17. (1) Féadfaidh an tAire a cheangal ar dhuine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi fianaise shásúil a thabhairt ar aird go sásaíonn sé nó sí ceanglais chónaithe na Rialachán seo.

(2) Beidh forfheidhmiú ordaithe aistrithe i bhfeidhm in aghaidh duine ar tagraíodh dó i mír (1) chun leanúnachas chónaithe an duine atá i gceist a bhriseadh chun críocha na Rialachán seo.

Teidlíochtaí

18. (1) Faoi réir fhorálacha eile na Rialachán seo, beidh duine a mbainfidh na Rialachán seo leis nó léi i dteideal -

- (a) na gceart céanna taistil isteach chuig nó amach ón Stát agus a bhfuil saoránaigh Éireannacha ina dteideal,
- (b) gan dochar d'aon srianadh ar an teidlíocht sin in Acht na gCeadúnas Oibre 2003 agus 2006, fostaíocht a chuardach agus dul i mbun fostaíochta sa Stát ar aon mhodh agus a oiread is a dhéanann saoránaigh Éireannacha an céanna ar gach cuma,
- (c) gnó, trádáil, nó gairm a sheoladh agus teacht a bheith aige nó aici ar oideachas agus oiliúint sa Stát ar aon mhodh agus a oiread is a dhéanann saoránaigh Éireannacha an céanna ar gach cuma,
- (d) an cúram agus na seirbhísí leighis céanna agus na teidlíochtaí céanna a fháil agus a bhfuil saoránaigh na hÉireann ina dteideal ar agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhaineann le saoránaigh na hÉireann.

(2) (a) Ní bheidh duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, seachas oibrí, duine féinhostaithe, nó duine a choinníonn stádas den sórt sin agus daoine dá theaghlach nó dá teaghlach, i dteideal cúnaimh a fháil faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh -

- (i) ar feadh 3 mhí tar éis dó nó di teacht isteach sa Stát, nó
- (ii) sa chás gur tháinig an duine isteach sa Stát chun críocha fostaíocht a chuardach, ar feadh cibé tréimhse is faide ná 3 mhí, a mbeidh sé nó sí ag leanúint d'fhostaíocht a lorg lena linn agus seans dáiríre aige nó aici ar cheapachán a fháil.

(b) Sula bhfaighfear buanchónaí sa Stát, ní bheidh duine ar tagraíodh dó i bhfomhír (a) i dteideal deontas cothabhála do mhic léinn a fháil (lena n-áirítear iad siúd a thugann faoi ghairmoiliúint).

(3) Féadfar iarraidh ar dhuine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, deimhniú buanchónaithe, cárta cónaithe, cárta buanchónaithe, nó fianaise ar iarratas láithreach ar dheimhniú nó ar chárta den sórt sin, a thabhairt ar aird chun aon teidlíocht faoi na Rialacháin seo a fheidhmiú, ach ní fhéadfar cás, go dteipeann ar an duine doiciméad nó fianaise den sórt sin a sholáthar, a úsáid as féin mar chúis le diúltú do dhuine atá i dteideal teidlíochta den sórt sin.

(4) Sa Rialachán seo, ciallaíonn “cúnaimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh” cúnaimh faoi Chuid 3 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 agus áirítear aon íocaíocht nó seirbhísí arna soláthar lena n-aghaidh i nó faoi na hAchtanna Slainte 1947 go dtí 2004 agus Achtanna na dTithe 1966 go dtí 2004, leis an gcúnaimh sin.

Srianta ar an gceart cónaithe ar fhorais bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí

19. (1) Sa chás gur deimhin leis an Aire go raibh iompar pearsanta duine, a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, den sórt agus go mbeadh sé in aghaidh beartais phoiblí nó na sláinte poiblí nó go gcuirfí an tslándáil phoiblí i mbaol mura gcuirfeadh sé nó sí an duine sin agus daoine dá theaghlach nó dá theaghlach faoi réir ceanglais faoin mír seo, féadfaidh sé nó sí, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an duine sin agus daoine dá theaghlach nó dá theaghlach, gan bacadh lena náisiúntacht -

- (a) cónaí nó fanacht i ndúichí nó áiteanna áirithe sa Stát,
- (b) tuairisciú ag eatraimh shonraithe d'oifigeach inimirce nó do chomhalta den Gharda Síochána arna sonrú san fhógra, nó
- (c) an dá rud,

agus comhlíonfaidh an duine agus daoine dá theaghlaigh nó dá teaghlaigh an ceanglas.

(2) Chun críocha mhír (1), féadfaidh an tAire -

- (a) agus an cárta cónaithe á eisiúint aige nó aici, nó
- (b) tráth nach déanaí ná 3 mhí ón dáta a tháinig an duine atá i gceist isteach sa Stát,

iarraidh ar na húdaráis inniúla i mBallstát tionscnaimh an duine atá i gceist, nó i mBallstát ar bith eile, faisnéis a sholáthar maidir le haon taifead ciontuithe roimhe sin a d'fhéadfadh a bheith ag an duine atá i gceist.

(3) Sa chás go n-iarrann údarás inniúil Ballstáit ar an Aire faisnéis a sholáthar maidir le haon taifead ciontuithe roimhe sin a d'fhéadfadh a bheith ag duine sa Stát, chun críocha na Treorach ón gComhairle, soláthróidh an tAire faisnéis den sórt sin faoi cheann 2 mhí ó thráth déanta an iarratais.

(4) Sa chás go n-iarrann údarás inniúil Ballstáit ar an Aire ligean do shealbhóir pas Éireannaigh a díbríodh ón mBallstát sin ar fhorais bheartais phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí, teacht isteach sa Stát an athuair, ligfear do dhuine den sórt sin teacht isteach sa Stát an athuair d'ainneoin nach bhfuil an pas bailí a thuilleadh nó go bhfuil náisiúntacht an tsealbhóra faoi dhíospóid.

Aistriú ón Stát

20. (1) (a) Faoi réir mhír (6), féadfaidh an tAire, trí ordú, a cheangal ar dhuine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi imeacht as an Stát faoi cheann na tréimhse ama arna sonrú san ordú sa chás -

- (i) gur diúltaíodh cárta cónaithe nó deimhniú nó cárta buanchónaithe don duine,
 - (ii) go ndiúltaíonn an duine ceanglas faoi Rialachán 19 nó 22 a chomhlíonadh,
 - (iii) nach bhfuil an duine i dteideal a bheith sa Stát a thuilleadh de réir fhorálacha na Rialachán seo, nó
 - (iv) go raibh iompar nó gníomhaíocht an duine den sórt a d'fhágfadh go mbeadh sé in aghaidh beartais phoiblí nó go gcuirfí an tslándáil phoiblí nó an tsláinte phoiblí i mbaol dá dtabharfaí cead don duine le fanacht sa Stát, dar leis an Aire.
- (b) Ní bheidh an t-am arna shonrú in ordú aistrithe níos giorra ná 10 lá oibre, ach amháin sa chás go ndeimhníonn an tAire go bhfuil práinn leis an ngnó, i gcás nár eisíodh cárta cónaithe don duine atá i gceist, nó níos giorra ná mí amháin i gcás ar bith eile.
- (c) Féadfaidh an t-Aire tréimhse eisiatachta a fhorchur ar an duine atá i gceist in ordú aistrithe agus ní thiocfaidh an duine sin isteach sa Stát an athuair nó ní fhéachfaidh an duine sin le teacht isteach sa Stát an athuair i rith bhailíochta na tréimhse sin.
- (d) Gan dochar do mhír (1)(a)(iv), ní dhéanfaidh an tAire, ach amháin ar fhorais an oird phoiblí, na slándála poiblí nó na sláinte poiblí, ordú aistrithe i leith duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi ar an mbonn go bhfuil pianbhreith choimeáda curtha isteach ag an duine atá i gceist agus ar an mbonn sin amháin.

(e) Ní fhorfheidhmeofar ordú aistrithe arna dhéanamh ar fhorais ar tagraíodh dóibh i bhfomhír (d) nár forfheidhmíodh tar éis breis is 2 bhliain a bheith dulta in éag ón dáta a rinneadh é ach amháin sa chás gur deimhin leis an Aire go bhfuil na cúinsí a d'fhág go ndearnadh an t-ordú fós ann.

(f) Beidh ordú aistrithe sa chruth arna leagan amach i Sceideal 8.

- (2) (a) Sa chás go mbeartaíonn an tAire ordú aistrithe a dhéanamh cuirfidh sé nó sí a bheartú nó a beartú in iúl don duine atá i gceist i scríbhinn agus, sa chás gur gá agus gur féidir, tabharfar cóip den fhógra don duine i dteanga a thuigeann sé nó sí.
- (b) Beidh an meid seo a leanas i bhfógra faoin mír seo -
- (i) ach amháin sa chás go ndeimhníonn an tAire go gcuirfeadh sé slándáil an Stáit i mbaol dá gcuirfí i bhfios iad, na cúiseanna as ar eascair an beartú ar tagraíodh dó i bhfomhír (a),
 - (ii) ráiteas go bhféadfaidh an duine atá i gceist uiríl a dhéanamh faoi mar a leagadh amach i Sceideal 9 leis an Aire faoi cheann 15 lá oibre ón dáta a seoladh an fógra chuige nó chuici, agus
 - (iii) má bheartaíonn an tAire tréimhse eisiatachta a fhorchur ar an duine atá i gceist san ordú aistrithe, fad beartaithe na tréimhse eisiatachta.
- (3) (a) Agus cinneadh á dhéanamh cibé an ndéanfaidh sé ordú aistrithe agus cibé an bhforchuirfidh sé tréimhse eisiatachta i leith duine cuirfidh an tAire an méid seo a leanas san áireamh -
- (i) aois an duine,
 - (ii) fad cónaithe an duine sa Stát,
 - (iii) cúinsí teaghlaigh agus eacnamaíochta an duine,
 - (iv) conas atá an duine imeasctha leis an Stát ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cultúir, más amhlaidh atá tarlaithe,
 - (v) riocht sláinte an duine, agus
 - (vi) a fhorleithne is atá naisc an duine lena thír nó a tír thionscnaimh.
- (b) Sa chás go gcinneann an tAire gur chóir ordú aistrithe a dhéanamh -
- (i) déanfaidh sé nó sí an t-ordú aistrithe, agus
 - (ii) cuirfidh sé nó sí a chinneadh nó a cinneadh in iúl don duine i scríbhinn, i dteanga a thuigeann an duine sa chás gur gá agus gur féidir agus, ach amháin sa chás go ndeimhníonn an tAire go gcuirfí slándáil an Stáit i mbaol dá gcuirfí i bhfios iad, na cúiseanna leis an gcinneadh.
- (c) Féadfaidh fógra faoi fhomhír (b)(ii) a cheangal ar dhuine arb ábhar an ordaithe aistrithe é nó í, aon cheann nó níos mó den mhéid seo a leanas a dhéanamh chun a chinntiú go n-aistreofar é nó í amach as an Stát -
- (i) é féin nó í féin a chur i láthair cibé comhalta den Gharda Síochána nó oifigigh inimirce ag dáta, am agus áit den sórt agus a fhéadfaidh a bheith sonraithe san fhógra,
 - (ii) aon doiciméad taistil, phas, ticéad taistil nó doiciméad eile ina sheilbh nó ina seilbh a bhí riachtanach chun críoch aistriú den sórt sin, a thabhairt ar aird do cibé comhalta den Gharda Síochána nó oifigigh inimirce ag dáta, am agus áit den sórt agus a fhéadfaidh a bheith sonraithe san fhógra,
 - (iii) comhoibriú ar aon bhealach is gá chun cur ar chumas chomhalta den Gharda Síochána nó oifigigh inimirce doiciméad taistil, pas, ticéad taistil nó doiciméad eile a bhí riachtanach chun críoch aistriú den sórt sin, a fháil,
 - (iv) cónaí nó fanacht i ndúiche nó áit áirithe sa Stát ar feitheamh a aistrithe nó a haistrithe amach as an Stát,
 - (v) tuairisciú chuig stáisiún Garda Síochána nó oifigeach inimirce sonraithe ag eatrainmh shonraithe ar feitheamh a aistrithe nó a haistrithe amach as an Stát,

- (vi) aon athrú seolta a chur in iúl a luaithe agus is féidir do cibé comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach inimirce faoi mar a fhéadfaidh a bheith sonraithe san fhógra.
- (d) Sa chás go bhfuil ceanglas i bhfógra faoi fhomhír (b)(ii) le gníomh arna shonrú i bhfomhír (c) a dhéanamh, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach inimirce a cheangal ar an duine i scríbhinn aon cheann nó níos mó de na gníomhartha arna sonrú i bhfomhír (c) a dhéanamh, má mheasann sé nó sí go bhfuil sé riachtanach chun críoch aistriú an duine atá i gceist amach as an Stát a chinntiú, agus beidh éifeacht le haon cheanglas breise den sórt sin amháin is gur ceanglas i bhfógra faoi fhomhír (b)(ii) é.
- (e) Tabharfar ceanglas breise faoi fhomhír (d), sa chás gur gá agus gur féidir, don duine atá i gceist i dteanga a thuigeann sé nó sí.
- (4) (a) Féadfar duine a bhfuil fógra eisithe dó nó di faoi mhír (3)(b)(ii) a ghabháil agus a choinneáil faoi bharántas oifigigh inimirce nó chomhalta den Gharda Síochána gan a thuilleadh fógra in aon cheann de na háiteanna arna liostú i Sceideal 10 i gcoimeád an oifigigh nó an chomhalta den Gharda Síochána atá i gceannas na háite sin de thuras na huaire chun a chinntiú go n-aistreofar é nó í amach as an Stát de réir an ordaithe aistrithe atá i gceist.
- (b) Chun críocha fhomhír (a), cuirfidh oifigeach gabhála an ghabháil in iúl don Bhall atá i gCeannas i gcás stáisiúin, nó don Rialtóir, in aon chás eile, agus ordóidh sé nó sí go gcoinneofar an duine go dtí go bhfógrófar a mhalairt.
- (c) Ní fhéadfar duine arna ghabháil agus arna choinneáil faoi fhomhír (a) a choinneáil ach amháin go dtí cibé tráth (is é sin, a luaithe agus a bheidh sé indéanta) a aistreofar é nó í amach as an Stát i gcomhlíonadh an ordaithe aistrithe atá i gceist.
- (d) Féadfaidh oifigeach inimirce nó comhalta den Gharda Síochána duine arna ghabháil agus arna choinneáil faoi fhomhír (a) a chur ar long, thraein iarnróid, fheithicil bhóthair nó aerárthach atá ar tí imeacht as an Stát, agus measfar an duine sin a bheith i gcoimeád dleathach agus é nó í á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh agus go dtí go bhfágfann an long, traein iarnróid, feithicil bhóthair nó aerárthach an Stát.
- (e) Glacfaidh máistir aon long agus an duine a bhíonn i gceannas aon traein bhóthair, fheithicil bóthair nó aerárthaigh atá le himeacht chuig aon áit lasmuigh den Stát le duine a bhfuil ordú aistrithe déanta ina leith agus lena chleithiúnaithe nó a cleithiúnaithe más ann dóibh, ar bord loinge, traenach iarnróid, feithicil bóthair nó aerárthaigh den sórt sin, má cheanglaíonn oifigeach inimirce nó comhalta den Gharda Síochána air amhlaidh a dhéanamh, agus tabharfaidh sé nó sí cóiríocht agus cothú cuí dó nó di agus dá chleithiúnaithe nó dá cleithiúnaithe i rith an turais.
- (5) (a) Ní bhainfidh mír (4) le haon duine atá faoi bhun aois 18 mbliana.
- (b) Má agus a fhad is go mbíonn forais réasúnacha ag an oifigeach inimirce nó, de réir mar a bheidh, ag an gcomhalta den Gharda Síochána atá i gceist le creidiúint nach bhfuil an duine faoi bhun aois 18 mbliana, bainfidh mír (4) leis nó léi faoi mar a bheadh amhlaidh sa chás go mbeadh aois 18 mbliana bainte amach aige nó aici.
- (c) Sa chás go bhfuil leanbh neamhphósta faoi bhun aois 18 mbliana i gcoimeád aon duine (cibé tuismitheoir nó duine a ghníomhaíonn *in loco parentis* nó aon duine eile) agus go gcoinnítear duine den sórt sin de bhun an Rialacháin seo, cuirfidh an t-oifigeach inimirce nó comhalta den Gharda Síochána atá i gceist an choinneáil agus na cúinsí a bhaineann leis in iúl d'Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte gan mhoill.
- (6) (a) Ní fhéadfar ordú aistrithe a dhéanamh, ach amháin ar fhorais thromchúiseacha maidir le beartas poiblí, nó slándáil poiblí, i leith duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, sa chás go bhfuil teidlfócht ag an duine chun buanchónaithe sa Stát.
- (b) Ní fhéadfar ordú aistrithe a dhéanamh, ach amháin ar ghéarfhorais na slándála poiblí, i leith saoránaigh den Aontas -

- (i) atá ina chónaí nó ina cónaí sa Stát le 10 mbliana roimhe sin, nó
 - (ii) faoi réir fhomhír (c), atá ina mhionaoiseach nó ina mionaoiseach.
- (c) Ní bheidh feidhm ag fómhír (b)(ii) sa chás go bhfuil sé ar leas an mhionaoisigh atá i gceist gur chóir é nó í a aistriú amach as an Stát.

(7) Ní chuirfidh iarratas ag nó thar ceann duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi ar chead le cur isteach ar athbhreithniú breithiúnach i gcoinne ordaithe aistrithe aistriú an duine atá i gceist ar fionraí sa chás -

- (a) go bhfuil an cinneadh maidir leis an aistriú bunaithe ar chinneadh breithiúnach roimhe sin,
- (b) go raibh teacht ag an duine atá i gceist ar athbhreithniú breithiúnach roimhe sin, nó
- (c) go bhfuil an cinneadh maidir leis an aistriú bunaithe ar ghéarfhorais na slándála poiblí.

(8) Féadfaidh an tAire, dá thoil nó dá toil féin nó ar iarratas arna dhéanamh ag an duine atá i gceist tar éis dó nó di ordú aistrithe a chomhlíonadh, ordú den sórt sin a leasú nó a aisghairm trí ordú.

Athbhreithniú ar Chinntí

21. (1) Féadfaidh duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi athbhreithniú a lorg ar aon chinneadh a bhaineann le teidlíocht an duine chun cead le teacht isteach nó cónaí sa Stát.

(2) Beidh na sonraí arna leagan amach i Sceideal 11 in iarratas ar athbhreithniú faoi mhír (1).

(3) Déanfar athbhreithniú faoin Rialachán seo ar chinneadh faoi mhír (1) ag oifigeach an Aire -

- (a) nach ionann é agus an duine a rinne an cinneadh,
agus
- (b) atá ar ghrád níos sinsearaí ná grád an duine a rinne an cinneadh.

(4) Féadfaidh an t-oifigeach a chinnfidh an t-athbhreithniú -

- (a) an cinneadh arb ábhar an athbhreithnithe é a dhearbhu ar na forais chéanna nó ar fhorais eile agus aird á tabhairt ar an bhfaisnéis arna soláthar don athbhreithniú nó a chinneadh nó a cinneadh a chur in ionaid an chinnidh arb ábhar an athbhreithnithe é, nó
- (b) an cinneadh a chur i leataobh agus a chinntiúchán nó a cinntiúchán a chur in ionad an chinnidh.

An tSláinte Phoiblí

22. (1) Faoi réir mhír (2), féadfaidh an tAire saoirse ghluaiseachta duine a shrianadh nó ordú aistrithe a dhéanamh i leith duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi sa chás gur deimhin leis nó lei go bhfuil galar arna shonrú i Sceideal 1 ag cur air nó uirthi.

(2) Ní bheidh feidhm ag mír (1) sa chás gur tholg an duine atá i gceist an galar tar éis 3 mhí a bheith dulta in éag ó tháinig an duine i dtír sa Stát.

(3) Sa chás gurb inmhianaithe amhlaidh a dhéanamh in aon chás ar leith dar leis an Aire, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar dhuine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi dul faoi scrúdú leighis, saor in aisce, arna dhéanamh ag cleachtóir cláraithe leighis chun críoch a dhéanamh amach cibé an bhfuil aon ghalar arna sonrú i Sceideal 1 ag cur ar an duine.

Orduithe Eisiatachta

23. (1) Féadfaidh an tAire, má mheasann sé nó sí go bhfuil sé riachtanach amhlaidh a dhéanamh ar mhaithe leis an tslándáil phoiblí nó beartas poiblí, duine a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi a eisiáimh ón Stát trí ordú.

- (2) (a) Féadfaidh duine arb ábhar ordaithe eisiatachta é nó í iarratas a dhéanamh leis an Aire go ndéanfar an t-ordú eisiatachta a aisghairm.
- (b) Ní dhéanfar iarratas faoi mhír (a) níos luaithe ná 3 bliana ó dháta forfheidhmiúcháin an ordaithe eisiatachta agus leagfar amach ann na cúiseanna ar chóir an t-ordú a aisghairm agus léireoidh sé go raibh athrú ábhartha sna cúinsí a d'fhág go raibh bonn cirt leis an ordú a dhéanamh.
- (3) Cinnfidh an tAire iarratas faoi mhír (2) a luaithe agus a bheidh indéanta agus, i gcás ar bith, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta a fuarthas an t-iarratas.
- (4) Féadfaidh an tAire ordú eisiatachta a leasú nó a aisghairm trí ordú.
- (5) (a) Faoi réir fhomhír (b), féadfaidh an tAire ligean do dhuine arb ábhar ordaithe eisiatachta é nó í, teacht isteach sa Stát an athuair chun críocha freastal ar éisteacht i dtaca le hathbhreithniú ar chinneadh faoi na Rialacháin seo.
- (b) Ní bheidh feidhm le fómhír (a) sa chás, dar leis an Aire -
- (i) go mbeadh sé in aghaidh na slándála poiblí nó beartais phoiblí an duine a bheith i láthair sa Stát, nó
- (ii) go mbaineann an t-athbhreithniú le hiontráil sa Stát a bheith á diúltú.
- (c) Ní fheidhmeofar aon rud sna Rialacháin seo le teidlíocht a bhronnadh ar dhuine, arb ábhar ordaithe eisiatachta é nó í, chun teacht isteach sa Stát le linn don Aire a bheith ag breithniú iarratais faoi mhír (2).

Teidlíochtaí á scor

24. (1) Sa chás go ndéantar amach go bhfuil aon chearta nó teidlíochtaí faoi na Rialacháin seo faighte ag duine, a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, trí bhealaí calaoiseacha éireoidh an duine sin as cearta nó teidlíochtaí den sórt sin a theachtadh láithreach.

(2) Sna Rialacháin seo, áirítear cleamhnais chaoithiúlachta le "bealaí calaoiseacha".

Cionta

25. Beidh duine -

- (a) ar duine é nó í a mbaineann na Rialacháin seo leis nó léi, a dteipeann air nó uirthi aon cheanglas de na Rialacháin seo nó faoi na Rialacháin seo a chomhlíonadh, nó
- (b) a dhearbhaíonn teidlíocht chun aon chearta faoi na Rialacháin seo ar bhonn faisnéise a bhfuil a fhios aige nó aici sonra ábhartha di a bheith bréagach nó míthreorach,

ciontach i gcion agus ar é nó í a chiontú go hachomair dlifear fineáil nach mó ná €5,000 nó téarma príosúnachta nach faide ná 12 mhí, nó an dá rud, a chur air nó uirthi.

Fógraí, srl.

26. (1) Sa chás go mbíonn fógra riachtanach nó údaraithe ag nó faoi na Rialacháin seo le seirbheáil ar dhuine nó le tabhairt do dhuine, beidh sé dírithe chuige nó chuici agus seirbheálfar air nó uirthi nó tabharfar dó nó di é -

- (a) trína sheachadadh chuige nó chuici,
- (b) trína chur ar an bpost i litir chláraithe réamhíochta, nó trí aon fhoirm eile de sheirbhís seachadta thaifeadta arna forordú ag an Aire, dírithe chuige nó chuici ag an seoladh is déanaí ar thug sé nó sí nó i gcás a ionadaí nó a hionadaí dlíthiúil, más ann dá leithéid, ag a sheoladh nó a seoladh gnó, nó i gcás inar soláthraíodh seoladh le haghaidh seirbhíse, ag an seoladh sin.

(2) Sa chás gur seoladh fógra faoi na Rialacháin seo chuig duine de réir mhír (1)(b), measfar an fógra a bheith seirbheáilte ar nó tugtha go cuí don duine an tríd lá tar éis dó a bheith seolta.

Aisghairm.

27. Aisghairmtear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) 2006 (I.R. Uimh. 226 de 2006).

Rialacháin 4(1)(a) agus (2)(a), 5(4)(b) agus 22(1)

SCEIDEAL 1

GALAIR AR TAGRAÍODH DÓIBH I RIALACHÁIN 4(1)(a), (2)(a), 5(4)(b) AGUS 22(1)

1. Galair faoi réir na Rialachán Sláinte Idirnáisiúnta a bhfuil Tionól Domhanda Sláinte na Eagraíochta Domhanda Sláinte ag glacadh leo de thuras na huair.
2. Galair sheadánacha thógálacha nó ghabhálacha eile a bhfuil forálacha speisialta i bhfeidhm ina leith chun leathadh galar den sórt sin ó gcoigríoch a chosc.

Rialachán 7(1)(b)

SCEIDEAL 2

SONRAÍ LE BHEITH IN IARRATAS AR CHÁRTA CÓNAITHE AG DUINE MUINTEARHA SAORÁNAIGH DEN AONTAS NACH NÁISIÚNACH DE BHALSTÁT É NÓ Í

Sonraí an Iarratasóra

1. Ainm an iarratasóra
2. Seoladh an iarratasóra
3. Dáta agus áit bhreithe an iarratasóra
4. Náisiúntacht an iarratasóra
5. Uimhir, dáta agus áit eisithe phas/chárta aitheantais náisiúnta an iarratasóra (bunchóip an doiciméid le soláthar)
6. Gairm an iarratasóra, má tá ceann aige nó aici (cóip den Cheadúnas Oibre, má bhaineann sin le hábhar)
7. Uimhir Thagartha Inimirce agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn
8. Dearbhú maidir le haon taifead ciontuíthe
9. Stair inimirce in Éirinn
10. Grianghraif nó fianaise dhoiciméadach eile

Sonraí saoránaigh den Aontas ar duine muinteartha/cleithiúnaí leis nó léi é an t-iarratasóir

11. Ainm an tsaoránaigh den Aontas
12. Seoladh an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn
13. Dáta agus áit bhreithe an tsaoránaigh den Aontas
14. Náisiúntacht an tsaoránaigh den Aontas
15. Uimhir, dáta agus áit eisithe phas/chárta aitheantais náisiúnta an tsaoránaigh den Aontas (bunchóip an doiciméid le soláthar)
16. Gairm an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn (cóip den Cheadúnas Oibre, má bhaineann sin le hábhar)
17. Uimhir Thagartha Inimirce, más ann di, agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn
18. Míonsonraí ar chaidreamh idir iarratasóir agus saoránach den Aontas
19. Dáta ar tháinig saoránach den Aontas isteach in Éirinn den chéad uair

Rialachán 7(2)

SCEIDEAL 3

SONRAÍ LE BHEITH AR CHÁRTA CÓNAITHE DUINE MUINTEARHA SAORÁNAIGH DEN AONTAS NACH NÁISIÚNACH DE BHALSTÁT É NÓ Í

Beidh na sonraí seo a leanas sa chárta cónaithe -

1. Ainm an duine
2. Náisiúntacht
3. Dáta Breithe
4. Dáta eisithe an chárta

5. Dáta éaga an chárta
6. Uimhir uathúil
7. Taiifead i bhfoirm leictreonach ar shonraí bithmhéadracha an duine a dtugtar dó nó di é
8. Ráiteas nach doiciméad é an cárta lena ndéantar amach náisiúntacht nó céannacht an tsealbhóra, agus nach bhféadfar an cárta a úsáid mar dhoiciméad den sórt sin
10. Ráiteas gur leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é an cárta nó gur le Biúro Náisiúnta an Gharda Síochána é
11. Grianghraif

Rialacháin 13(2) agus 15(2)

SCEIDEAL 4

SONRAÍ LE BHEITH IN IARRATAS AR DHEIMHNIÚ BUANCHÓNAITHE AG SAORÁNACH DEN AONTAS **Sonraí an Iarratasóra**

1. Ainm an iarratasóra
2. Seoladh an iarratasóra in Éirinn
3. Dáta agus áit bhreithe an iarratasóra
4. Náisiúntacht an iarratasóra
5. Uimhir, dáta agus áit eisithe phas/chárta aitheantais náisiúnta an iarratasóra (bunchóip an doiciméid le soláthar)
6. Fad cónaithe an iarratasóra in Éirinn
7. Gairm an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn (cóip den Cheadúnas Oibre, má bhaineann sin le hábhar)
8. Fad fostaíochta in Éirinn
9. Mura bhfuil sé nó sí i mbun fostaíochta/féinfhostaíochta a thuilleadh, abair an chúis (m.sh. ar scor, éagumasaithe, tinneas ceirde, eile)
10. Uimhir Thagartha Inimirce, más ann di, agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn
11. Grianghraif agus fianaise dhoiciméadach eile

Rialachán 15(3)

SCEIDEAL 5

CRUTH AN DEIMHNITHE BHUANCHÓNAITHE

Litir ón roinn le heisiúint don saoránach den Aontas á rá mar seo a leanas.

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) (Uimh. 2) 2006

Chuíg: Ainm agus Seoladh an iarratasóra

Dáta breithe

Náisiúntacht

Treoraíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí dom tagairt do Rialachán 15(3) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) (Uimh. 2) 2006 maidir le heisiúint deimhnithe bhuanachónaithe do shaoránach den Aontas Eorpach atá i dteideal fanacht go buan sa Stát;

AGUS DE BHRÍ go bhfuil Uimhir Phas _____ nó Uimhir Chárta Aitheantais Náisiúnta _____ agatsa, _____ is duine thú a bhféadfar deimhniú buanchónaithe a eisiúint ina leith faoin Rialachán 15(3) sin;

Deimhním leis seo go bhfuil tú i dteideal fanacht go buan sa Stát.

[Síniú oifigeach an Aire]

[Ainm agus céim oifigeach an Aire]

Thar ceann an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

[dáta an tsínithe]

Uimhir an Deimhnithe Bhuanachónaithe: _____

Nóta: Ní doiciméad é an deimhniú seo lena ndéantar amach náisiúntacht nó céannacht an tsealbhóra, agus ní fhéadfar é a úsáid mar dhoiciméad den sórt sin

SCEIDEAL 6

IARRATAS AR CHÁRTA BUANCHÓNAITHE AG DUINE MUINTEARHTHA SAORÁNAIGH DEN AONTAS NACH NÁISIÚNACH DE BHALLSTÁT É NÓ Í

Sonraí an Iarratasóra

1. Ainm an iarratasóra
2. Seoladh an iarratasóra
3. Dáta agus áit bhreithe an iarratasóra
4. Náisiúntacht an iarratasóra
5. Uimhir, dáta agus áit eisithe phas an iarratasóra (bunchóip an doiciméid le soláthar)
6. Gairm an iarratasóra, má tá ceann aige nó aici (cóip den Cheadúnas Oibre, má bhaineann sin le hábhar)
7. Uimhir Thagartha Inimirce agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn
8. Dearbhú maidir le haon taifead ciontuithe
9. Stair inimirce in Éirinn
10. Grianghraif nó fianaise dhoiciméadach eile

Sonraí saoránaigh den Aontas ar duine muinteartha/cleithiúnaí leis nó léi é an t-iarratasóir

11. Ainm an tsaoránaigh den Aontas
12. Seoladh an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn
13. Dáta agus áit bhreithe an tsaoránaigh den Aontas
14. Náisiúntacht an tsaoránaigh den Aontas
15. Uimhir, dáta agus áit eisithe phas/chárta aitheantais náisiúnta an tsaoránaigh den Aontas (bunchóip an doiciméid le soláthar)
16. Gairm an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn (cóip den Cheadúnas Oibre, má bhaineann sin le hábhar)
17. Uimhir Thagartha Inimirce, más ann di, agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn an tsaoránaigh den Aontas in Éirinn
18. Mionsonraí ar chaidreamh idir iarratasóir agus saoránach den Aontas

SCEIDEAL 7

SONRAÍ LE BHEITH I GCÁRTA BUANCHÓNAITHE DUINE MUINTEARHTHA SAORÁNAIGH DEN AONTAS NACH NÁISIÚNACH DE BHALLSTÁT É NÓ Í

Beidh na sonraí seo a leanas sa chárta buanchónaithe agus féadfar é a eisiúint i gcruth litreach ón Aire

1. Ainm an duine
2. Náisiúntacht
3. Dáta eisithe an chárta
4. Dáta éaga an chárta
5. Uimhir uathúil
6. Taifead i bhfoirm leictreonach ar shonraí bithmhéadracha an duine a dtugtar dó nó di é
7. Ráiteas nach doiciméad é an cárta lena ndéantar amach náisiúntacht nó céannacht an tsealbhóra, agus nach bhféadfar an cárta a úsáid mar dhoiciméad den sórt sin
8. Ráiteas gur cónaitheoir buan é an duine mar dhuine muinteartha saoránaigh den Aontas.
9. Ráiteas gur leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí é an cárta nó gur le Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána é
10. Grianghraif

SCEIDEAL 8

CRUTH AN ORDAITHE AISTRITHE

RIALACHÁIN NA gCOMPHOBAL EORPACH (SAORTHAISTEAL DAOINE) (UIMH. 2) 2006

Chuíg: [ainm agus seoladh an iarratasóra]

DE BHRÍ go bhforáiltear le Rialachán 20 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Saorthaistéal Daoine) (Uimh. 2) 2006 go bhféadfaidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

a cheangal, trí ordú, ar dhuine a mbaineann na Rialacháin leis nó léi imeacht as an Stát faoi cheann na tréimhse ama arna sonrú san ordú, faoi reir fhorálacha an Rialacháin sin;

AGUS DE BHRÍ gur duine a thú a bhféadfar ordú aistrithe a dhéanamh ina leith faoin Rialachán 20 sin;

CEANGLAÍMSE ANOIS, _____ thar ceann an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus na cumhachtaí arna mbronnadh orm leis an Rialachán 20 sin á bhfeidhmiú agam, ortsa imeacht as an Stát faoi cheann na tréimhse dar críoch an dáta arna shonrú san fhógra arna sheirbheáil ort nó arna thabhairt duit faoin Rialachán 20(3)(b)(ii) sin.

THAIRIS SIN, forchuirim tréimhse eisiatachta ort faoi mar a foráladh lena aghaidh i Rialachán 20(1)(c) rud a chiallaíonn nach dtiocfaidh tú isteach sa Stát athuair nó nach bhféachfaidh tú le teacht isteach san Stát athuair roimh _____.

[Síniú oifigeach an Aire]

[Ainm agus céim oifigeach an Aire]

Thar ceann an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

[dáta an tsínithe]

Rialachán 20(2)(b)(ii)

SCEIDEAL 9

UIRÍLL GUR FÉIDIR A DHÉANAMH LEIS AN AIRE MAIDIR LEIS AN GCÚIS NÁR CHÓIR ORDÚ

AISTRITHE A DHÉANAMH

Féadfar uiríll a dhéanamh leis an Aire, maidir leis an gcúis nár chóir dó Ordú Aistrithe a dhéanamh i leith an duine atá i gceist, agus aghaidh á tabhairt ar na pointí seo a leanas:

1. Ainm, seoladh in Éirinn
2. Náisiúntacht
3. Uimhir Thagartha Inimirce
4. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn
5. Aois
6. Fad an chónaithe sa Stát
7. Cúinsí teaghlaigh agus eacnamaíochta
8. Conas atá an duine imeasctha leis an Stát ó thaobh cúrsaí sóisialta agus cultúir
9. Riocht sláinte
10. A fhorleithne is atá naisc an duine lena thír nó a tír thionscnaimh

Rialachán 20(4)(a)

SCEIDEAL 10

ÁITEANNA COINNEÁLA

Stáisiún Garda Síochána

Príosún an Chaisleáin Riabhaigh

Príosún Chnoc Seimre

Príosún Chorcaí

Príosún Luimnigh

Príosún an Láir Tíre

Príosún Mhuinseo

Foras Naomh Pádraig, Baile Átha Cliath

An tAonad Oiliúna, Paráid an Ghleanna Ghairbh, Baile Átha Cliath

Príosún Chruithneachtáin, Baile Átha Cliath.

SCEIDEAL 11

SONRAÍ LE DEARBHÚ IN IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ AR CHINNEADH

1. Ainm agus seoladh in Éirinn
2. Uimhir Thagartha Inimirce
3. Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí in Éirinn
4. Náisiúntacht
5. Ainm, Dáta Breithe, Caidreamh daoine muinteartha ina gcónaí leis an iarrthóir in Éirinn
6. Mionsonraí ar ionadaíocht dlí, más ann dó
7. Ráiteas maidir leis na forais ar an n-iarrann an t-iarrthóir an t-athbhreithniú ar an gcinneadh arna dhéanamh nó ar an Ordú Aistrithe (á thabhairt le fios cá háit, dar leis an iarrthóir, go ndearna an t-oifigeach breithiúnachta earráid ó thaobh fírice agus/nó an dlí)
8. Aon ráitis bhreise ar mian leis an iarrthóir go mbreithneofaí iad
9. Doiciméadacht bhreise ar mian leis an iarrthóir go mbreithneofaí é.

ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
18 Nollaig 2006

L.S.

MÍCHEÁL MAC DUBHGHAILL

Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais
agus Athchóirithe Dlí.

Nóta Míniúcháin

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é).

Rinneadh an tOrdú seo chun críoch éifeacht a thabhairt i ndlí na hÉireann don Treoir maidir le cearta shaoránaigh den Aontas agus daoine dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (Treoir 2004/38/CE²). Tagann sé in ionad Rialachán na gComhphobal Eorpach (Saorthaisteal Daoine) 2006 (I.R. Uimh. 226 de 2006) de thoradh mhéadú an Aontais Eorpaigh an 1 Eanáir 2007.

² Iris Oifigiúil L 229 de 29.6.2004, lch.35